An Roinn Oideachais
agus Scileanna

# Stair na Sraithe Sóisearaí

# An Clár Ábhar

Page 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Page 4 **Réasúnaíocht**

Page 6 **Aidhm**

Page 7 **Forbhreathnú: Naisc**

Ráitis Foghlama
Príomhscileanna

Page 10 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Foramharc ar fhoghlaim an scoláire

Page 16 **Ionchais maidir le scoláirí**

Torthaí foghlama

Page 21 **Measúnú agus tuairisciú**

Page 25 **Aguisín A:**

Gluais de bhriathra gnímh

Page 28 **Aguisín B:**

Gluais de théarmaí staire

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo: cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora; agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. Tógtar i gclár na sraithe sóisearaí ar a bhfuil foghlamtha ag an scoláire cheana agus tugtar tacaíocht dá chur chun cinn; agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Is ionann staidéar ar an Stair agus iniúchadh a dhéanamh ar thaithí an duine le himeacht ama agus an chaoi ar mhúnlaigh an taithí sin an domhan ina mairimid inniu. Nuair a chuirtear ceisteanna maidir leis an bhfianaise atá ar fáil, is féidir leis an scoláire Staire breithiúnais réasúnta, eolacha a dhéanamh faoi rudaí a rinne daoine san am atá thart agus scrúdú a dhéanamh ar cén fáth a raibh daoine spreagtha chun na rudaí a rinne siad a dhéanamh agus tionchar na rudaí sin. Forbraítear ár gcomhfhiosacht faoin stair nuair a dhéanaimid staidéar ar an Stair, rud a chuireann ar ár gcumas muid féin a shuí in am agus ár dtaithí a chur i gcreat níos leithne de thaithí an duine. Nuair a bhímid comhfhiosach faoin stair athraítear an bealach a bhféachaimid ar an domhan agus ár n-áit sa domhan agus cuireann sé ar an eolas muid faoi gcaoi ar féidir linn na forbairtí domhanda atá amach romhainn a fheiceáil.

Cuidítear lenár gcomhfhiosacht staire a fhorbairt nuair a bhíonn 'mórphictiúr' againn den saol atá thart. Cuidíonn sé linn mórphatrúin athraithe a fheiceáil agus tugtar creat dúinn chun an t-eolas a fhaighimid faoi ghníomhartha daoine ar thángamar trasna orthu a thuiscint agus iad a chur i gcomhthéacs. Cleachtas lárnach de chuid staraí is ea scrúdú a dhéanamh ar fhianaise chun pointí nó patrúin athraithe a shainaithint i dtaithí an duine, agus chun breithiúnais a dhéanamh ar thábhacht athrú den sórt sin. Baineann an staidéar sin ar athrú le hiomláine thaithí an duine le himeacht ama, ó tháinig an duine ar an saol an chéad lá riamh go dtí le déanaí anuas. Tugann an staidéar ar an saol atá thart deis dúinn scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag gníomh an duine i réimse leathan cásanna, lena n-áirítear sa pholaitíocht, rialtas, dlí, an tsochaí, an eacnamaíocht, cultúr, creideamh agus smaointe.

Nuair a fhaighimid amach faoin saol atá thart, tá sé tábhachtach freisin go dtuigimid an Stair mar chineál disciplín a thugann deis dúinn ciall éigin a bhaint as an méid atá tarlaithe inár ndomhan le himeacht ama. Leis sin ní mór dúinn coincheapa mar iad seo a leanas a thuiscint: leanúnachas agus athrú; am agus spás; an chaoi a dtugann fianaise deis dúinn breithiúnais a dhéanamh faoin saol atá thart agus an chaoi a bhféadfadh gá a bheith leis na breithiúnais sin a athrú má thagann fianaise nua chun cinn; feasacht maidir le tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla fianaise agus an tábhacht atá le bheith oibiachtúil agus cóir nuair a bhítear ag scrúdú rudaí a rinne daoine san am atá thart, agus a bheith cúramach gan ligean do thuairimí nó claontachtaí tionchar a bheith acu ar ár mbreithiúnais; an chaoi a bhfuil leibhéil thábhachta éagsúla ag rudaí a rinne an duine sa saol atá thart; go bhfeicimid daoine sa saol atá thart agus go deimhin na rudaí a rinne siad i gcomhthéacs na tréimhse inar mhair siad.

Nuair a thuigimid na rudaí a rinne daoine sa saol atá thart agus nuair a thuigimid an chaoi ar thángamar ar eolas maidir leis na rudaí sin cuidíonn sé sin linn luachanna dearfacha a fhorbairt maidir leis an Stair. Ina measc sin tá ómós don fhírinne agus don fhianaise, gealltanas a bheith oscailte chun féachaint ar an saol atá thart ó pheirspictíochtaí difriúla agus aird d'ionracas an tsaoil atá thart. Nuair a fhéachaimid ar an saol ar an mbealach seo géaraítear ar an tuiscint atá againn faoin ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha agus na fórsaí is cúis le hathrú; cuidíonn sé linn léirthuiscint a bheith againn don chaoi ar chuidigh luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis an gcultúr ina mairimid; agus cuireann sé ar ár gcumas meas a bheith againn ar ár n-oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Trí staidéar a dhéanamh ar an Stair, feabhsaítear an cumas chun argóintí soiléire, ciallmhara a chur le chéile agus a chur in iúl

ar chúrsaí a bhfuil tábhacht stairiúil leo, agus úsáid a bhaint as scileanna cosúil le smaoineamh go criticiúil agus muid á dhéanamh sin, agus a bheith in ann oibriú i gcomhar le daoine eile agus na meáin dhigiteacha a úsáid go héifeachtach.

Forbraítear mothálacht stairiúil ionainn freisin nuair a dhéanaimid staidéar ar an Stair agus as sin forbraítear léirthuiscint maidir le héachtaí agus gaiscí cultúrtha na nglún a chuaigh romhainn, agus eascraíonn pléisiúr agus sult as a bheith ag foghlaim faoi shaibhreas agus éagsúlacht thaithí an duine sa saol atá thart, agus an chaoi a raibh tionchar aige sin ar ár bhféiniúlacht agus ár dtaithí féin ar an saol agus go deimhin mar a mhúnlaigh sé an fhéiniúlacht agus an taithí sin.

# Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an staidéar ar an Stair sa tsraith shóisearach cur ar chumas an scoláire an tuiscint choincheapúil is gá agus na scileanna disciplíneacha agus an t-eolas ar ábhar is gá a fhorbairt chun iniúchadh a dhéanamh ar rudaí a rinne daoine sa saol atá thart agus teacht ar

thuiscint níos doimhne maidir le staid an duine. Gheobhaidh an scoláire amharc freisin ar an domhan, agus ar a áit sa domhan, ó pheirspictíocht stairiúil; agus tiocfaidh sé ar thuiscint faoin gcaoi ar mhúnlaigh daoine agus eachtraí an tsaoil atá thart saol na linne seo.

Trí iniúchadh a dhéanamh ar an saol atá thart ó pheirspictíocht stairiúil, forbraíonn an scoláire spéis agus dúil sa stair freisin agus faigheann sé luachanna agus cuir chuige a mhúnlaíonn a thuairim maidir le daoine sa saol atá thart, lena n-áirítear meas ar oidhreacht agus ar a oidhreacht chultúrtha, agus forbraítear ionbhá stairiúil ann, áit a dtugtar breithiúnas ar dhaoine i gcomhthéacs na tréimhse inar mhair siad agus bunaithe ar luachanna an ama sin.

Cothaítear ómós d'ionracas agus do neamhchlaontacht sa scoláire nuair a dhéanann sé staidéar ar an stair agus bíonn sé ar a chumas féachaint ar cheisteanna ó pheirspictíochtaí difriúla. Cuidíonn an cumas sin smaoineamh go criticiúil leis foinsí faisnéise a dhiancheistiú, cinntí a dhéanamh faoi dhearcthaí a léiríodh, an cumas chun bolscaireacht a aithint san áireamh.

Ar chloisteáil dó na scéalta faoi dhaoine a mhair sa saol atá thart agus ar insint na scéalta sin cuidíonn sé sin leis an scoláire tuiscint níos fearr a bheith aige faoin gcaoi a maireann daoine inniu; agus cuidíonn sé leis an scoláire foghlaim ón saol atá caite agus é ag smaoineamh ar conas dul i ngleic le fadhbanna na linne seo.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn na táblaí ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil an Stair nasctha le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc mar a thugtar breac-chuntas orthu sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015.

**Tábla 1: Naisc idir Stair na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama**

## Ráitis Foghlama

| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 3: Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil. | Déanfaidh an scoláire raon foinsí stairiúla príomha agus tánaisteacha a dhiancheistiú agus bainfidh sé leas as a eolas ar an stair agus a thuiscint choincheapúil chun a théacsanna féin a chruthú ag úsáid formáidí éagsúla. |
| RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Foghlaimeoidh an scoláire faoi bhunús a oidhreacht stairiúil trí iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe den stair a bhaineann lena áit féin, cosúil le daoine scothaosta a chur faoi agallamh maidir le cleachtais agus traidisiúin a bhain leis an gcreideamh. |
| RF 7: Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne. | Fiosróidh an scoláire an t-athrú a tháinig ar ról an duine sa tsochaí de réir a chéile, lena n-áirítear iniúchadh ar an gcoincheap maidir le cearta agus saoránacht, trí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar mhair gnáthdhaoine faoi chórais rialtais difriúla, cosúil le Gearmáin na Naitsithe nó an tAontas Sóivéadach. |
| RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. | Fiosróidh an scoláire an chúis go ndéantar comóradh ar eachtraí stairiúla, cosúil leis an Uileloscadh; déanfaidh sé iniúchadh ar bhunús stairiúil saincheist nó téama comhaimseartha agus déanfaidh sé fiosrú ar an tionchar a bhí ag na Crosáidí ar an domhan, cuir i gcás. |
| RF 9: Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air. | Fiosróidh an scoláire an t-athrú sóisialta trí fhéachaint ar chúiseanna agus ar iarmhairtí na bpatrún imirce nó an athraithe dhaonra arbh í an Phlá Mhór ba shiocair leo; nó tríd an tionchar a bhí ag imirce agus ag lonnaíocht ar fhéiniúlacht ar oileán na hÉireann a fhiosrú. |
| RF 18: Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu | Fiosróidh an scoláire disciplín na staire, lena n-áirítear a bheith ag obair le fianaise agus ag déanamh breithiúnas stairiúil bunaithe ar dhiancheistiú fianaise; mar shampla, an tionchar a bhí ag Éirí Amach 1916 ar na heachtraí as ar tharla an Conradh Angla-Éireannach i 1921 a fhiosrú. |
| RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Gabhfaidh an scoláire do TFC agus tabharfaidh sé/sí léirmheas criticiúil air nuair a bheidh foinsí agus fianaise stairiúil á lorg aige/aici agus nuair a bheidh freagairtí ar cheisteanna maidir leis an saol atá caite á gcruthú. |

## Príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Léiríonn Fíor 1 thíos príomhscileanna na sraithe sóisearaí. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

**Fíor 1: Ocht bpríomhscil na sraithe sóisearaí agus a gcuid gnéithe**




Aithnítear i dTábla 2 roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa Stair. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

**Tábla 2: Samplaí de naisc idir Stair na sraithe sóisearaí agus na príomhscileanna**

| An phríomhscil | Sampla de ghné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith uimheartha | Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú<br>Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil | Cruthóidh an scoláire línte ama chun tuiscint maidir leis an gcróineolaíocht agus an 'mórphictiúr' a léiriú. Déanfaidh sé/sí anailís ar fhoinsí ag taispeáint sonraí uimhriúla, cosúil le taifid daonáirimh. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas<br>Scríobh ar son cuspóirí éagsúla | Foghlaimeoidh an scoláire conas argóintí stairiúla a chur le chéile, ag taispeáint feasachta maidir le coincheapa amhail agus ina chuid scríbhneoireachta. |
| Mé féin a bhainistiú | A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | Coinneoidh an scoláire dialann áit a ndéanfaidh sé/sí machnamh ar a c(h)uid foghlama féin agus an chaoi a bhforbraíonn a t(h)uiscint ar an saol de bharr an staidéir atá á dhéanamh aige/aici ar an stair. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | TFC agus na meáin dhigiteacha a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt | Úsáidfidh an scoláire suíomhanna gréasáin nó acmhainní ar líne chun fianaise a bhailiú faoi ghné den saol atá caite le haghaidh tionscadal taighde. Coinneoidh sé/sí comhaid leictreonacha dá chuid/cuid oibre agus cruthóidh sé/sí cur i láthair digiteach chun a t(h)orthaí a thaispeáint. |
| A bheith cruthaitheach | Smaoineamh go cruthaitheach | Úsáidfidh an scoláire an fhianaise atá ar fáil agus a s(h)amhlaíocht chun machnamh a dhéanamh ar shaol daoine sa saol atá caite agus cuirfidh sé/sí a c(h)uid smaointe in iontráil dialainne nó i litir.<br>Déanfaidh an scoláire samhlacha nó léiriú eile de láithreacha a bhfuil spéis stairiúil iontu, cosúil le caisleáin, cloigthithe nó láithreáin chuimhneacháin. |
| Cumarsáid | Éisteacht agus mé féin a chur in iúl | Cuirfidh an scoláire daoine ina t(h)eaghlach féin nó sa phobal faoi agallamh chun cuimhní cinn nó scéalta a bhailiú.<br>Beidh an scoláire ag comhoibriú ar thionscadail nó ar chuir i láthair i ngrúpaí. |
| Obair le daoine eile | Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan | Forbróidh an scoláire an léirthuiscint atá aige/aici ar éagsúlacht agus difríocht (inscne, cultúr srl.) sa teagmháil a bhíonn aige/aici le daoine difriúla, le saincheisteanna agus le heachtraí sa saol atá caite. |
| Fanacht folláin | A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid | Déanfaidh an scoláire meastóireacht ar oibiachtúlacht agus ar chothroime foinsí/fianaise stairiúil ar líne. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Sa tsonraíocht le haghaidh Stair na Sraithe Sóisearaí tugtar creat don scoláire chun na scileanna stairiúla, an tuiscint choincheapúil agus an t-eolas cuimsitheach as a n-eascraíonn braistint comhfhiosachta staire a fháil, áit a bhféadfaidh an scoláire an domhan agus a áit féin ann a fheiceáil ó pheirspictíocht stairiúil. Dearadh í d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Tá trí shnáithe sa tsonraíocht atá nasctha le chéile, agus sraith gnéithe ceangailte ag gabháil le gach ceann acu:

**Snáithe 1:** Nádúr na Staire; **Snáithe 2:** Stair na hÉireann; **Snáithe 3:** Stair na hEorpa agus An Domhan Mór.

## Snáithe 1: Nádúr na Staire

Dírítear sa snáithe aontach seo ar nádúr na staire mar dhisciplín. Cuirtear béim sa snáithe ar na scileanna, na coincheapa, na luachanna agus na cuir chuige a threoraíonn foghlaim na staire. Is féidir leis an scoláire a bheith ina staraí dá bharr.

**Tá trí ghné idirghaolmhara ag baint le Snáithe 1:**

- Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt
- Obair le fianaise
- 'An mórphictiúr' a fháil.

Baineann gach gné le raon torthaí foghlama ina leagtar amach céard ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire nó céard ba cheart a bheadh sé/sí in ann a dhéanamh, tar éis dó/di a bheith ag obair ar an snáithe.


Toisc gur snáithe aontach é snáithe 1, tá sé i gceist go dtabharfadh a chuid torthaí foghlama treoir d'obair an scoláire le Snáitheanna 2 agus 3, agus iad mar shnáitheanna comhthéacsúla. Ba cheart go dtabharfadh na scileanna, na coincheapa, na luachanna agus na cuir chuige atá lárnach d'obair an staraí treoir agus ba cheart go mbeadh sé ann mar bhonn taca le bheith ag féachaint ar phearsa stairiúla, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí a dtiocfaidh an scoláire trasna orthu i snáithe 2 agus 3.

**NB: Dá bharr sin, is féidir leo torthaí foghlama shnáithe 1 a dhéanamh leo féin sula dtabharfar faoi shnáitheanna 2 agus 3 ar ndóigh, ach ba cheart go gcuirfí torthaí foghlama shnáithe 1 san áireamh agus comhthéacs substainteach stairiúil shnáitheanna 2 agus 3 ar bun ag na scoláirí.**

Ba cheart go mbeadh tuiscint ar fheasacht chróineolaíoch agus léirthuiscint ar phatrúin dátaí ina bhfócas láidir ag an gcomhtháthú foghlama seo thar na trí shnáithe go léir. Is bealach é línte ama a fhorbairt agus a choinneáil trína dtabharfar deis don scoláire tabhairt faoin aidhm sin ar bhealach stuama.

Tá an struchtúr sin ag teacht le cur chuige neamhlíneach maidir le dul i ngleic le torthaí foghlama. Tugann snáithe 2 agus 3 an comhthéacs don scoláire chun a thuiscint ar nádúr na staire mar dhisciplín a dhoimhniú. Dá bharr sin, beidh torthaí foghlama shnáithe 1 comhtháthaithe le torthaí foghlama shnáitheanna 2 agus 3. Ní chiallaíonn sé seo nach féidir le múinteoirí tabhairt faoi thorthaí foghlama shnáithe 1 leo féin. Is féidir le múinteoirí a bheith ag obair le scoláirí chun 'mórphictiúr' a fháil, ó thaobh creat uileghabhálach an tsaoil atá caite de, mar shampla, sula dtabharfaidh siad faoi thorthaí foghlama shnáithe 2 agus 3, nó fiosrú a dhéanamh ar choincheapa ar nós 'cúis agus iarmhairt'.

**Fíor 2: Na gnéithe a bhaineann le snáithe 1: Nádúr na Staire (snáithe aontach)**



# Foramharc ar fhoghlaim an scoláire

## SNÁITHE 1: NÁDÚR NA STAIRE (SNÁITHE AONTACH)

### Gné: Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt

Nuair atáthar comhfhiosach faoin stair ciallaíonn sé sin go n-aimsíonn an scoláire bealach ar leith chun féachaint ar an domhan agus ar a áit ann ó pheirspictíocht stairiúil de. Is eol dó cén tionchar a bhíonn ag an athrú, idir athrú gearrthéarmach agus fadtéarmach, ar staid an duine agus i gcomhthéacsanna difriúla spáis agus saolta. Tá ionbhá stairiúil aige/aici freisin nó aird ar na rudaí a spreag agus a rinne daoine sa saol atá caite, i gcomhthéacs an ama sin. Is féidir leis/léi breithiúnais a dhéanamh faoi thábhacht eachtraí atá thart, agus tá léirthuiscint aige/aici faoin ngá atá le scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna conspóideacha nó conspóidte bunaithe ar níos mó ná peirspictíocht amháin. Tá aird ag an scoláire atá comhfhiosach faoin stair ar an gcaoi ar mhúnlaigh daoine agus eachtraí a tharla roimhe seo a thimpeallacht agus beidh an mhothálacht sin maidir leis an stair le brath sa léirthuiscint atá aige/aici ar éachtaí an duine. Déantar machnamh sa ghné seo den snáithe freisin ar choincheapa cosúil le claontacht agus oibiachtúlacht, agus cúis agus iarmhairt.

### Gné: Obair le fianaise

Baineann an ghné seo le ról bunúsach na fianaise chun cur ar chumas an scoláire tuiscint a fháil ar an saol atá thart. Fiosraíonn an scoláire an cineál foinse agus fianaise agus déanann sé/sí breithiúnais faoi thairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla fianaise. Tuigeann an scoláire gur rud sealadach a bhíonn sna breithiúnais ar an stair agus go mb'fhéidir go gcaithfí breithiúnais den sórt sin a athbhreithniú mar gheall ar fhianaise nua. Déanann an scoláire fiosrúchán ar réimsí éagsúla stórtha fianaise stairiúla. Déanann an scoláire fiosrúchán ar an gcaoi ar féidir le seandálaíocht agus teicneolaíocht nua cur le hobair an staraí agus cinntí á ndéanamh aige faoin saol atá caite.


### Gné: 'An mórphictiúr' a fháil

Baineann an smaoineamh maidir leis an 'mórphictiúr' le creat stairiúil inúsáidte a thugann deis don scoláire féachaint ar an saol atá caite i gcomhthéacs domhanda leathan. Cuidíonn creat 'mórphictiúir' leis an scoláire patrúin mhóra athraithe de réir a chéile a fheiceáil. De réir mar a bhíonn an scoláire ag foghlaim, is féidir leis a chuid nó a cuid eolais agus tuisceana nua a chur i bhfeidhm sa chreat seo, á shíneadh agus á dhoimhniú de réir mar a leanann sé nó sí ag cur ceisteanna faoin saol atá thart agus de réir mar a fhaigheann sé nó sí eolas agus tuiscint as an nua. Tugann an 'mórphictiúr' deis don scoláire freisin a thuiscint chróineolaíoch a neartú agus léirthuiscint a bheith aige nó aici don tslí a bhfuil 'réanna' nó 'aoiseanna' athraithe i gceist leis an stair. Is féidir athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar 'mhórphictiúr' tapa na staire seo thar thrí bliana foghlama an scoláire sa tsraith shóisearach.

## Snáithe 2 agus 3: na snáitheanna comhthéacsúla

Baineann snáithe 2 agus 3 leis an gcomhthéacs stairiúil i dtéarmaí pearsantachtaí, saincheisteanna agus eachtraí ar a gcuireann an scoláire an tuiscint choincheapúil agus an fhoghlaim a éiríonn leis a fháil trí shnáithe 1 i bhfeidhm. Baineann snáithe 2 le Stair na hÉireann agus baineann snáithe 3 le Stair na hEorpa agus an Domhan Mór.

**Fíor 3: Na gnéithe a bhaineann le snáithe 2 agus 3: Stair na hÉireann agus Stair na hEorpa agus an Domhan Mór**





Tá trí ghné idirghaolmhara ag baint le snáithe 2 agus 3:

- Príomhathruithe a aithint
- Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú
- Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm.

## SNÁITHE 2 AGUS 3: STAIR NA HÉIREANN AGUS STAIR NA HEORPA AGUS AN DOMHAN MÓR

| Gnéithe | • Foramharc ar fhoghlaim an scoláire |
|---|---|
| **Príomhathrú a aithint**<br>Baineann an ghné seo le príomhfhorbairtí in Éirinn agus san Eoraip agus sa Domhan Mór i réimsí cosúil le féiniúlacht, tógáil-náisiúin, polaitíocht agus caidrimh idirnáisiúnta. | • Príomhathruithe / forbairtí i réimsí na polaitíochta agus i gcaidreamh idirnáisiúnta<br>• Coincheapa gaolmhara tábhachtacha, lena n-áirítear, mar shampla, náisiúntacht, ceannas, cumhacht, údarás, eitneachas, gabháil, coilíniú agus féiniúlacht<br>• Cineál agus tionchar na sibhialtachtaí ar leith sa stair<br>• Tionchar lonnaíochta agus úinéireachta talún ar smaointe na féiniúlachta<br>• Ról daoine aonair suntasacha mar ghníomhairí athraithe<br>• An tionchar a bhíonn ag cogaíocht, coimhlint, réabhlóid agus daonlathas rialtais ó thaobh cruth a chur ar an stair |
| **Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú**<br>Baineann an ghné seo leis an tionchar a bhíonn ag smaointe agus ag creidimh maidir le staid an duine, lena n-áirítear creideamh; idé-eolaíocht; smaointe sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha. | • An chaoi a raibh tionchar ag creideamh agus ag cleachtais ar athrú stairiúil<br>• An tionchar atá ag smaointe nua atá ag athrú ar an gcaoi ar cheart do dhaoine maireachtáil agus an chaoi ar cheart iad a smachtú<br>• Cineál agus tionchar na n-idé-eolaíochtaí ollsmachtacha<br>• An tionchar a bhí ag rudaí ar nós athrú daonra, imirce, gorta agus cinedhíothaithe ar shaol gnáthdhaoine<br>• Ról eagraíochtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirt<br>• An chaoi ar tháinig athrú ar shaol na mban de réir a chéile |
| **Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm**<br>Tugann an ghné seo deis don scoláire a thuiscint agus a chuid eolais a chur i bhfeidhm go criticiúil ar fhiosruithe stairiúla difriúla. | • Naisc idir daoine, eachtraí agus áiteanna sa saol atá thart<br>• Scileanna taighde a chur i bhfeidhm<br>• Smaointe maidir le daonlathas, cearta an duine, comhionannas, síocháin agus ceartas<br>• Ionbhá stairiúil a bhrath agus iniúchadh á dhéanamh ar dhaoine sa saol atá caite<br>• Stair phearsanta, áitiúil nó mhuintire<br>• Nósanna nó mórphatrúin athraithe a aithint de réir a chéile<br>• Coincheapa cosúil le agus |

Fíor 4: Foramharc ar Stair na Sraithe Sóisearaí: An idirghníomhaíocht idir snáithe 1, 2 agus 3




## Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

### CURACLAM NA BUNSCOILE

Tá stair na bunscoile ar cheann de thrí ábhar (mar aon le tíreolaíocht agus eolaíocht) atá leagtha amach taobh istigh den réimse curaclaim ar Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE). Díríonn OSIE go láidir ar an 'imshaol', arb ionann é agus an timpeallacht nó na dálaí seachtracha a n-idirghníomhaíonn an rud aonair (pé acu daonnaí nó orgánach beo eile) nó pobal leo a chur in iúl. Sa chomhthéacs seo, díríonn an stair ar an gcaoi ar mhúnlaigh gníomh an duine timpeallachtaí an duine, timpeallachtaí tógtha agus cultúrtha. Tarraingítear aird ar eolas, luachanna agus scileanna a fháil i gcomhthéacs iniúchta agus scrúdaithe. Déantar staidéar ar shaol daoine san am atá thart, ar stair náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar staidéar áitiúil agus ar obair an staraí i gcuraclam páistelárnach. Is féidir le sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí an fhoghlaim ghaolmhar a rinneadh sa bhunscoil a chur chun tosaigh le linn trí bliana na Sraithe Sóisearaí.

### AN TSRAITH SHINSEARACH

Tá sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí ailínithe le príomhghnéithe de shiollabas Staire na hArdteistiméireachta. Féachtar sa snáithe aontach le feasacht a fhorbairt maidir le disciplín na staire a threoraíonn rannpháirtíocht stuama an scoláire le comhthéacsanna stairiúla agus a thugann deis dul chun cinn a dhéanamh chuig diancheistiú níos mionsonraithe ar an am atá thart sna Topaicí Staidéir sa tsraith shinsearach. Cuidíonn an snáithe seo freisin leis an scoláire na scileanna agus na meonta a fháil chun tabhairt faoi thaighde agus oibriú le doiciméid–ar príomhghnéithe de stair na sraithe sinsearaí iad araon.

Tá an fócas dúbailte ar Éirinn agus an Eoraip agus an Domhan Mór sa tsraith shóisearach ar aon dul leis an socrú siollabais ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Tá na gnéithe sna snáitheanna comhthéacsúla sa tsraith shóisearach cosúil ó thaobh fócais de leis na peirspictíochtaí a mhúnlaíonn sonraíocht ábhair i siollabas na hArdteistiméireachta. Tá an bealach a chuirtear an taithí sa tsraith shóisearach i láthair mar chineál suirbhé leathan beartaithe chun bunchloch bharántúil a thabhairt le dul chun cinn a dhéanamh chuig stair na sraithe sinsearaí.

# Ionchais maidir le scoláirí

*Expectations for students* is an umbrella term that links learning outcomes with annotated examples of student work in the subject or short course specification. When teachers, students or parents looking at the online specification scroll through the learning outcomes, a link will sometimes be available to examples of work associated with a specific learning outcome or with a group of learning outcomes. The examples of student work will have been selected to illustrate expectations and will have been annotated by teachers. The examples will include work that is:

- Exceptional
- Above expectations
- In line with expectations.

The purpose of the examples of student work is to show the extent to which the learning outcomes are being realised in actual cases. Annotated examples of student work judged by teachers will be included alongside the specification.

## Learning outcomes

Learning outcomes are statements that describe what knowledge, understanding, skills and values students should be able to demonstrate having studied Stair na Sraithe Sóisearaí . The learning outcomes set out in the following tables apply to all students. As set out here they represent outcomes for students at the end of their three years of study. The specification stresses that the learning outcomes are for three years and therefore the learning outcomes focused on at a point in time will not have been 'completed' but will continue to support the students' learning in history up to the end of junior cycle.

To support the exploration of the learning outcomes by teachers, parents and students, a glossary of the action verbs used in the specification is included in Appendix A. The outcomes are numbered within each strand. The numbering is intended to support teacher planning in the first instance and does not imply any hierarchy of importance across the outcomes themselves, nor does it suggest an order to which the learning outcomes should be developed in class. Stair na Sraithe Sóisearaí  is offered at a common level. The examples of student work linked to learning outcomes will offer commentary and insights that support differentiation and inclusive classroom practices.

Is scáth-théarma é a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair:

- atá thar barr ar fad
- atá os cionn na n-ionchas
- atá ag teacht leis na hionchais.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna. Cuirfear samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a d'anótáil múinteoirí leis an tsonraíocht.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an Stair sa tSraith Shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Cuirtear béim sa tsonraíocht gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus dá bharr sin cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa stair go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

Chun cabhrú le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le scoláirí na torthaí foghlama a fhiosrú, tá gluais de na briathra gnímh a úsáidtear sa tsonraíocht le fáil in Aguisín A. Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin, ná níltear ag moladh iontu ord inar chóir na torthaí foghlama a fhorbairt sa seomra ranga. Cuirtear Stair na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le difreáil agus cleachtais chuimsitheacha an tseomra ranga.

## Snáithe 1: Nádúr na Staire

### FORBHREATHNÚ GAIRID AR AN SNÁITHE

Is snáithe foirmitheach é snáithe 1, ina bhfiosraíonn an scoláire na coincheapa, ina n-úsáideann an scoláire scileanna agus ina ndéanann an scoláire fiosrú ar na luachanna agus na cuir chuige a threoraíonn disciplín na staire agus obair an staraí. Cuideoidh snáithe 1 leis an scoláire 'mórphictiúr' a fháil den am atá thart agus tuiscint ar an tábhacht atá le fianaise a fheabhsóidh a chomhfhiosacht staire. Dá bharr sin, is féidir am ar leith a chaitheamh anseo chun na torthaí foghlama a bhaint amach.

Is snáithe aontach é snáithe 1 freisin, áit a mbainfear amach na torthaí foghlama trí bheith ag gabháil don chomhthéacs atá tugtha i Snáitheanna 2 agus 3 maidir le pearsantachtaí, saincheisteanna agus eachtraí.

Tabhair faoi deara nach ionann snáithe 1 agus cúrsa na chéad bhliana- bainfear na torthaí foghlama amach nuair a thabharfar faoi chomhthéacsanna stairiúla shnáithe 2 agus 3 thar na trí bliana.

| Gnéithe | | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt | 1.1 | ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair |
| | 1.2 | machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha |
| | 1.3 | suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla |
| | 1.4 | tuiscint a léiriú ar choincheapa stairiúla ar nós |
| Obair le fianaise | 1.5 | fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn |
| | 1.6 | tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlach; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil |
| | 1.7 | breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil |
| | 1.8 | tuairisc a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile |
| 'An mórphictiúr' a fháil | 1.9 | tuiscint ar thábhacht stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhóir thar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha, creidimh, cultúrtha agus eolaíochta a léiriú |
| | 1.10 | tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe. |
| | 1.11 | naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus i dtréimhsí staire áirithe |

# Snáithe 2: Stair na hÉireann

## FORBHREATHNÚ GAIRID AR AN SNÁITHE

Is snáithe comhthéacsúil é snáithe 2, ina gcuirfidh an scoláire an tuiscint choincheapúil agus na scileanna stairiúla atá aige ar iniúchadh príomhphearsa, saincheisteanna agus eachtraí i stair na hÉireann, lena n-áirítear stair áitiúil, i bhfeidhm.

| Gnéithe | Torthaí foghlama | |
|---|---|---|
| Príomhathruithe a aithint | 2.1 | an chaoi a raibh tionchar ag patrún lonnaíochta agus plandála ar fhéiniúlacht oileán na hÉireann, ag tagairt do shampla amháin de phatrún lonnaíochta, forbairt cathracha, mar shampla agus plandáil amháin, a aithint |
| | 2.2 | iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar thábhacht bheirt cheannairí a bhí páirteach i dtraidisiún parlaiminteach pholaitíocht na hÉireann |
| | 2.3 | fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag an traidisiún fórsa fisiciúla ar pholaitíocht na hÉireann, agus béim ar leith ar réabhlóid a tharla roimh an bhfichiú haois |
| | 2.4 | fiosrú a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar thionchar an náisiúnachais agus an Aontachais in Éirinn, lena n-áirítear príomheachtraí idir 1911 agus 1923 |
| | 2.5 | cúisí, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann a aithint mar aon leis an tionchar a bhí acu ar chaidreamh Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach |
| Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú | 2.6 | tábhacht stairiúil na Críostaíochta ar oileán na hÉireann a phlé, lena n-áirítear an tionchar a bhí aici ar chultúr agus ar shochaí na Luathré Críostaí |
| | 2.7 | iniúchadh a dhéanamh ar chúisí, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh |
| | 2.8 | cur síos a dhéanamh ar thionchar an chogaidh ar shaol mhuintir na hÉireann, ag tagairt don Chéad Chogadh Domhanda nó don Dara Cogadh Domhanda |
| | 2.9 | an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú |
| | 2.10 | míniú a thabhairt ar an gcaoi a raibh tionchar ag gluaiseacht spóirt, chultúrtha nó shóisialta amháin ar shaol na hÉireann |
| Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm | 2.11 | naisc a dhéanamh idir stair phearsanta, áitiúil nó mhuintire agus pearsana, saincheisteanna gus eachtraí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta |
| | 2.12 | an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtach ar oileán na hÉireann a bhí sna 1960idí a phlé, ag tagairt do phearsa, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha |
| | 2.13 | anailís a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt nasc na hÉireann leis an Eoraip |

# Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór

## FORBHREATHNÚ GAIRID AR AN SNÁITHE

Is snáithe comhthéacsúil é snáithe 3, ina gcuirfidh an scoláire an tuiscint choincheapúil agus na scileanna stairiúla atá aige ar iniúchadh príomhphearsa, saincheisteanna agus eachtraí i stair na hEorpa, agus an domhan mór, i bhfeidhm.

| Gnéithe | Torthaí foghlama | |
|---|---|---|
| Príomhathruithe a aithint | 3.1 | imscrúdú a dhéanamh ar shaol daoine i saoránacht ársa nó mheánaoiseach dá rogha féin agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh gníomhartha agus/nó éachtaí na saoránachta sin le stair na hEorpa agus/nó an domhan mór |
| | 3.2 | tionchar gabhála agus coilínithe ar dhaoine a mheas ina ndéantar tagairt do thaiscéalaíocht na Portaingéile agus na Spáinne |
| | 3.3 | an chúis, an cúrsa agus iarmhairtí réabhlóide amháin roimh an bhfichiú haois san Eoraip agus/nó sa domhan mór a scrúdú |
| | 3.4 | plé a dhéanamh ar phríomhchúisí agus ar chúrsa an Chéad Chogaidh Dhomhanda nó an Dara Cogadh Domhanda agus an tionchar láithreach agus fadtéarmach a bhí ag cogadh ar dhaoine agus ar thíortha |
| | 3.5 | tábhacht an Chogaidh Fhuair i gcaidreamh idirnáisiúnta san fhichiú haois a aithint |
| Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú | 3.6 | fiosrú a dhéanamh ar bheatha agus ar bhás sna meánaoiseanna |
| | 3.7 | suntas a thabhairt ar na hathruithe a tharla i réimse na n-ealaíon agus na heolaíochta, agus béim ar leith ar thábhacht na hAthbheochana |
| | 3.8 | machnamh a dhéanamh ar thábhacht an reiligiúin, agus béim ar leith ar an Reifirméisean agus gníomhartha leasaitheora amháin |
| | 3.9 | saol i dtír fhaisisteach amháin agus i dtír chumannach amháin san fhichiú haois a scrúdú |
| | 3.10 | tábhacht an chinedhíothaithe a fhiosrú, lena n-áirítear cúiseanna, cúrsa agus iarmhairtí an Uileloiscthe |
| Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm | 3.11 | a mhéid is a chuidíonn forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta le hathrú stairiúil a fhiosrú |
| | 3.12 | machnamh a dhéanamh ar ról eagraíocht idirnáisiúnta, cosúil leis an Aontas Eorpach nó na Náisiúin Aontaithe, maidir le comhar idirnáisiúnta, ceartas agus cearta daonna a chur chun cinn |
| | 3.13 | an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtacha san Eoraip agus sa domhan mór a bhí sna 1960ídí a phlé, ag tagairt do phearsana, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha |
| | 3.14 | patrúin athraithe thar thréimhsí ama difriúla i dtéama ar leith a léiriú (cosúil le, m.sh. nó |

# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i Stair na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus tugtar an deis dá réir do na múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Chun tacú leis sin, tá teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san fhoireann uirlisí ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga

- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais measúnaithe.

Áireofar san fhoireann uirlisí an réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cuimseoidh an measúnú ar an Stair le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe: An tAm atá thart i M'áit agus Saol i dTréimhse Ama. Lena chois sin, beidh Tasc Measúnaithe scríofa i gceist leis an dara Measúnú Rangbhunaithe a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i dteannta an Mheasúnaithe Deiridh.

Cuirfear na measúnuithe ar fad ar fáil ag leibhéal comónta.

## An réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Stair

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sna measúnuithe sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach ceacht. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

Thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, tabharfar deiseanna don scoláire chun a spéis fáil amach faoi thaithí daoine san am atá thart a spreagadh. Tá sé i gceist go nglacfaidh an scoláire páirt i dtaithí foghlama phraiticiúil agus bharántúil tríd na Measúnuithe Rangbhunaithe a chuirfidh ar a gcumas gabháil go stuama do thorthaí foghlama.

Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna seo a leanas don scoláire:

- gabháil do réimsí ina bhfuil spéis stairiúil phearsanta aige féin
- obair le fianaise agus taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ag baint úsáid as réimse modhanna
- anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhianaise chun breithiúnais luachála agus cinntí eolasacha a dhéanamh
- faisnéis a eagrú agus pleanáil go loighciúil
- cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach
- a chomhfhiosacht faoin stair a fhorbairt
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna
- machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama féin.

Trí na Measúnuithe Rangbhunaithe sin, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus ar an mbealach sin bainfidh sé amach na torthaí foghlama ar fud na snáitheanna.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: An t-am atá thart i m'áit

| MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE<br>'An t-am atá thart i m'áit' | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire | An measúnú a chur i gcrích | Cruinniú AFMÁ |
|---|---|---|---|---|
| Fiosrúchán struchtúrach, fianaise-bhunaithe ar ghné stairiúil nó ar théama a bhaineann le ceantar nó stair phearsanta/mhuintire an scoláire | Tuairisc ar féidir í a chur i láthair i réimse leathan formáidí | Déanfaidh an scoláire tuairisc, de réir a chéile, ar thionscadal a bhaineann le gné de stair cheantar an scoláire, lena n-airítear stair phearsanta/ mhuintire, nuair is gá | I dtreo dheireadh an dara bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Saol i dTréimhse Ama

| MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE<br>Saol i dTréimhse Ama' | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire | An measúnú a chur i gcrích | Cruinniú AFMÁ |
|---|---|---|---|---|
| Fiosrúchán struchtúrach, fianaise-bhunaithe ar shaol stairiúil agus ar thaithí duine a bhfuil suim ag an scoláire ann | Tuairisc ar féidir í a chur i láthair i réimse leathan formáidí | Déanfaidh an scoláire tuairisc, de réir a chéile, ar thionscadal ina ndéantar taighde ar shaol stairiúil agus ar thaithí duine a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leis | Téarma a dó sa tríú bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas

Beidh sonraí níos mine ar fáil i d ar treoirlínte ar leith iad, maidir leis an measúnú ar an tuairisciú i Stair na Sraithe Sóisearaí, ina leagtar amach mionsonraí ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an t-ábhar agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh obair an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM freisin le húsáid i measúnú leanúnach ranga ar Stair na Sraithe Sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun obair an scoláire a mheas. Beidh na gnéithe cáilíochta ar fáil sna Cuirfidh gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích.

## An Tasc Measúnaithe

Ar chur i gcrích na Measúnuithe Rangbhunaithe, tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe. Déanfar é sin tar éis na dara coda den Mheasúnú Rangbhunaithe agus marcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an obair seo.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear:

- a chumas chun an tuiscint atá aige ar choincheapa stairiúla trína chuid smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm ar thaighde ar dhuine a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leis
- a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe
- a chumas machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas taighde agus breithiúnais stairiúla bunaithe ar fhianaise a dhéanamh
- na smaointe atá aige faoin tionchar a bhí ag a thaithí ar thaighde a dhéanamh ar a mheon agus ar a chuid luachanna.

## An scrúdú deiridh

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an páipéar seo a leagan amach agus a mharcáil. Mairfidh an scrúdú dhá uair an chloig agus beidh sé ar siúl ag deireadh na tríú bliana. I mbliain amháin ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ábhartha ó thábhlaí na dtorthaí foghlama.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Tá lamháil sa tsonraíocht seo le haghaidh cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín A: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| **Briathra gnímh** | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | luach ruda a aithint agus machnamh a dhéanamh air |
| Oiriúnú | rud éigin a dhéanamh oiriúnach do bhail, úsáid nó cuspóir nua |
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Tabhair breithmheas | píosa saothair a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| Ceangail a dhéanamh | ceangal a dhéanamh nó rud a dhéanamh bainteach; rud éigin a thabhairt le chéile agus bheith ina chúis le freagairt a thabhairt |
| Argóin | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun críche meon duine a athrú nó a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Trácht | tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa |
| Déan comparáid | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| Meas (cuimhnigh ar...) | Machnamh a dhéanamh ar thábhacht ruda |
| Cruthaigh | rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine |
| Déan critíc ar | gnéithe dearfacha agus diúltacha de, mar shampla, smaoineamh, de dhéantúsán nó de phróiseas ealaíonta a lua, ag tabhairt cúiseanna |
| Déan díospóireacht | Argóint a dhéanamh le dearcadh nó tuairim, seasamh a threisiú le fianaise |
| Sainmhínigh | míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap |
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Cuir síos | rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile |
| Dearadh | rud éigin a dhéanamh nó a phleanáil do chuspóir faoi leith |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Forbair | rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion |
| Ceap | rud éigin a phleanáil, tuilleadh sonraí a thabhairt faoi nó a cheapadh ó phrionsabail nó smaointe atá ann cheana |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| Idirdhealaigh | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| Measúnaigh (faisnéis) | faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Scrúdaigh | argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí, a idirghaol nó a cheapadh |
| Bain triail | triail agus tástáil a dhéanamh, chun rud éigin nua a fhionnachtain nó le rud éigin a chruthú |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| Fiosraigh | dlúthbhreathnú a dhéanamh go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| Aimsigh | téarma ginearálta ar féidir leis ríomh, tomhais, faigh amach, srl., a chur in iúl |
| Cuir i ngrúpa | réada a shainaithint de réir saintréithe |
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Léirigh | líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin |
| Léirigh | rud a léirigh nó a lua; aird a tharraing ar rud |
| Bain tátal as | torthaí iniúchta a úsáid bunaithe ar bhuntuiscint; tuig níos mó ná mar a cuireadh in iúl go litriúil |
| iniúch | anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| Léirmhínigh | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| Cosain | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| Naisc a dhéanamh | naisc nó cosúlachtaí idir daoine, saincheisteanna, téamaí agus eachtraí a aithint |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Liostaigh | tabhair roinnt pointí, gan aon mhíniú breise |
| Tabhair breac-chuntas | na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin |
| Cuir i láthair | rud a thabhairt leat, a thairiscint nó a thabhairt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt roimh fhóram poiblí nó i láthair fóram poiblí |
| Mol | rud a thairiscint nó a mholadh lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh |
| Tabhair fianaise | sonraí, obair agus cáipéisíocht a thacaíonn le tátal nó le conclúid a thabhairt |
| Aithin | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| Tabhair le fios | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| Sintéisigh | smaointe difriúla a thabhairt le chéile chun tuiscint nua a chruthú |
| Úsáid | eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh |
| Deimhnigh | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |

# Aguisín B: Gluais de théarmaí staire

Cuireadh an ghluais seo leis an tsonraíocht chun brí théarmaí Staire a mhíniú mar a fheictear iad sa tsonraíocht seo le cuidiú leat í a thuiscint.

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| Déantán | Earra de dhéantús an duine a bhfuil spéis stairiúil ann, lena n-áirítear mar fhoinse fianaise. |
| Údarás | Baineann sé le cumhacht nó riail, m.sh. rialtas. |
| Saoránacht | Daoine nó náisiún san am atá thart a bhí eagraithe ar bhonn sóisialta nó polaitiúil. |
| Coilíniú | Próiseas trína dtógann tír amháin tír eile ar láimh, bunaíonn sí a húdarás féin agus lonnaíonn sí a cuid daoine ann. |
| Comóradh | Gníomh cuimhneacháin phoiblí ar eachtra nó ar dhuine a raibh tábhacht stairiúil leis nó léi. |
| Conspóideach | Saincheist a mbíonn aighneas faoi nó nach mbíonn páirtithe difriúla ar aon intinn faoi. |
| Gabháil | Áit ina nglacann daoine nó tír smacht ar dhaoine nó ar thír eile trí fhórsa míleata. |
| Diaspóra | Áit ina bhfuil daoine as grúpa eitneach scaipthe ar fud na cruinne de bharr imirce. |
| Ionbhá | An spreagadh, na gníomhartha, na luachanna agus creideamh daoine i gcomhthéacs na tréimhse inar mhair siad a thuiscint. |
| Comhfhiosacht faoin stair | Ag féachaint ar an domhan go stairiúil, á threorú ag feasacht maidir le coincheapa stairiúla, ag léiriú feasachta maidir leis an 'mórphictiúr' agus maidir le ham agus áit. |
| Peirspictíocht stairiúil | Baineann sé le comhfhiosacht faoin stair, a bheith feasach maidir leis an tionchar a bhíonn ag imeacht ama ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí. |
| Féiniúlacht | An chaoi a mbíonn grúpa daoine ceangailte le chéile ag a náisiúntacht, eitneachas, creideamh nó ag naisc shóisialta nó chultúrtha. |
| Lena n-áirítear | Mar a úsáidtear i dtorthaí foghlama, tugann sé ábhar le fios nach mór díriú air san fhoghlaim. |
| Áitiúil | Ag tagairt do stair na háite ina maireann siad, chun a stair phearsanta/ stair mhuintire a áireamh. |
| Imirce | Gluaiseacht daoine ó áit amháin go áit eile, go speisialta i dtír dhifriúil. |
| Claonadh | Socrú cén bealach a fheiceann duine é/í féin ó pheirspictíocht stairiúil de, ag léiriú feasachta faoin gcineál athraithe ar am agus ar spás. |

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| Plandáil | Beartas a bhí ag rialtas Shasana sa 16ú agus sa 17ú haois inar bronnadh talamh in Éirinn ar lonnaitheoirí Sasanacha agus as an Albain mar chuid de phlean chun údarás Shasana a bhunú anseo. |
| Tábhachtach | Duine, saincheist nó eachtra sa stair a meastar tábhacht a bheith leis ó thaobh athrú stairiúil a chur i bhfeidhm. |
| Cosúil le | Mar a úsáidtear i dtorthaí foghlama, tugann sé ábhar le fios nach mór díriú air san fhoghlaim. |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© 2020 Government of Ireland

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS